An Coimisiún Reifrinn
Referendum Commission

# An tuarascáil ar an reifreann **maidir leis an diamhasla**

# Brollach

Ar an 18 Iúil 2018, bhunaigh an tAire an Coimisiún Reifrinn don reifreann ar an mBille um an Seachtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht, 2018 (ina raibh foráil le haghaidh reifrinn maidir leis an diamhasla). Reáchtáladh an reifreann ar an 26 Deireadh Fómhair 2018.


Caithfidh an Coimisiún Reifrinn tuarascáil a réiteach don Aire ar chur i gcrích a fheidhmeanna tar éis gach reifreann. Leagtar amach sa tuarascáil seo an cur chuige a glacadh agus tugtar roinnt sonraí maidir le príomhghnéithe a fheachtais eolais.

Bhí srian leis an méid ama a bhí ag an gCoimisiún chun bailchríoch a chur ar shonraí a fheachtais eolais don phobal mar gheall ar chomh fada is a bhíothas ag fanacht ar chinneadh ar cibé an reáchtálfaí reifreann maidir leis an bhforáil sa Bhunreacht a bhain le mná sa bhaile ar an dáta céanna leis an reifreann maidir leis an diamhasla. Mar gheall ar chomh déanach is a deimhníodh dáta na vótála bhí dúshlán breise le sárú ag an gCoimisiún chun faisnéis chruinn a thabhairt chun críche agus a phriontáil. Moltar a bheith cinnte níos túisce faoi ábhar mionsonraithe reifrinn nó reifreann agus an dáta ar a reáchtálfar iad chun tréimhse níos faide suas go dtí lá na vótála a thabhairt do Choimisiúin amach anseo.



Tá an Coimisiún an-bhuíoch de chraoltóirí as a gcomhoibriú chun ár gcraolacháin saorchraolta a chur ar an sceideal inar míníodh togra an reifrinn, agus cuireadh amach iad go minic ag buaic-amanna féachana agus éisteachta. Tá ról tábhachtach ag na craolacháin saorchraolta seo i soláthar eolais, agus go háirithe chun daoine a spreagadh le vótáil ar an lá agus ba mhaith linn an tacaíocht sin a aithint agus ár mbuíochas a chur in iúl.

De bhun Alt 14(1) d'Acht an Reifrinn, 1998, cuirim tuarascáil an Choimisiúin Reifrinn maidir le cur i gcrích a fheidhmeanna i ndáil leis an reifreann ar an mBille um an Seachtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht, 2018 faoi bhráid an Aire.



**An Breitheamh Onórach Isobel Kennedy**
An Cathaoirleach
An Coimisiún Reifrinn
15 Feabhra 2019

# Réamhrá

Reáchtáladh an reifreann ar an mBille um an Seachtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht, 2018 (ina raibh foráil le haghaidh reifrinn maidir leis an diamhasla) Dé hAoine, 26 Bealtaine 2018. Faoi Acht an Reifrinn, 1998, gach uair a bheidh reifreann le reáchtáil, féadfaidh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, faoina lánrogha féin, Coimisiún Reifrinn a bhunú. I gcás leasú ar an mbunreacht, ní fhéadfaidh sé/sí sin a dhéanamh ach ar an dáta a thionscnaítear an Bille ina bhfuil foráil don reifreann i nDáil Éireann nó ina dhiaidh sin. Tionscnaíodh an Bille ar an 13 Iúil 2018.

## Bunú an Choimisiúin Reifrinn

Ar an 18 Iúil 2018, rinne an tAire ordú a bhunaigh Coimisiún Reifrinn maidir leis an reifreann ar dhiamhasla. Ghlac an Breitheamh Onórach Isobel Kennedy le hainmniúchán an Phríomh-Bhreithimh le bheith ina Cathaoirleach ar an gCoimisiún Reifrinn ar an ócáid sin.

Ní mór go raibh Cathaoirleach an Choimisiúin ina b(h)reitheamh Chúirt Uachtarach roimhe seo, ina b(h)reitheamh san Ard-Chúirt roimhe seo, ina b(h)reitheamh sa Chúirt Achomhairc roimhe seo, nó ina b(h)reitheamh reatha san Ard-Chúirt. Ba chomhaltaí ex officio comhaltaí eile an Choimisiúin. Ba iad sin:

- **Seamus McCarthy,** an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- **Peter Tyndall,** an tOmbudsman
- **Peter Finnegan,** Cléireach Dháil Éireann
- **Martin Groves,** Cléireach Sheanad Éireann

De réir dlí, bronntar na cumhachtaí sin is gá nó is caoithiúil chun a chuid feidhmeanna a chur i gcrích ar an gCoimisiún. Caithfidh an Coimisiún Reifrinn tuairisciú don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir le feidhmíocht a fheidhmeanna nach déanaí ná sé mhí tar éis lá na vótála agus díscaoiltear an Coimisiún mí amháin tar éis a thuarascáil a sheoladh isteach.

## Ról an Choimisiúin

Is iad príomhfheidhmeanna an Choimisiúin de bhun an reachta:

- ráiteas amháin nó níos mó a réiteach ina bhfuil míniú ginearálta ar ábhar an togra agus ar théacs an togra sa Bhille ábhartha agus aon eolas eile a bhaineann leis na ceisteanna sin a mheasann an Coimisiún a bheith cuí;
- na ráitis sin a fhoilsiú agus a dháileadh ar bhealach agus trí mhodhanna lena n-áirítear teilifís, raidió agus meáin leictreonacha eile a úsáid a mheasann an Coimisiún gur mó a thabharfaidh siad an t-ábhar ar aird na dtoghthóirí agus lena chinntiú a mhéid agus is indéanta go praiticiúil go n-úsáidtear modhanna a chuireann ar chumas daoine faoi mhíchumas radhairc nó éisteachta na ráitis lena mbaineann a léamh nó a chloisteáil; agus
- feasacht an phobail ar an reifreann a chur chun cinn agus na toghthóirí a spreagadh chun vóta a chaitheamh.

# Príomhghnéithe an reifrinn

## An t-am a bhí ar fáil don Choimisiún Reifrinn

Ritheadh bille an reifrinn in dhá Theach an Oireachtais ar an 20 Meán Fómhair 2018.

Bunaíodh an Coimisiún Reifrinn i ndáil leis an reifreann maidir leis an diamhasla ar an 18 Iúil 2018. Ag an tráth sin bhí an Rialtas i mbun machnaimh freisin ar reifreann eile a fhógairt ar an lá céanna leis an gceann ar dhiamhasla. I gcás go mbeadh reifreann eile ar siúl, beadh an Coimisiún ag táirgeadh treoir aonair, suíomh gréasáin aonair agus feachtas eolais, ina míneofaí an dá reifreann le chéile.


Ar bhunú an Choimisiúin ar an 18 Iúil 2018, thosaigh an Coimisiún ag obair lom láithreach ar ábhar a réiteach inar míníodh an reifreann maidir le diamhasla. Ní raibh sé in ann an t-ábhar a thabhairt chun críche go dtí go raibh a fhios aige go cinnte cibé an mbeadh reifreann amháin nó dhá reifreann ar siúl agus go dtí go síneofaí an t-ordú ina sonrófaí an dáta ar a reáchtálfaí an reifreann.

Rinneadh an fógra nach mbeadh ann ach aon reifreann amháin ar an 5 Meán Fómhair.

Ar an 20 Meán Fómhair, rith an tOireachtas an Bille maidir leis an reifreann ar diamhasla. Ar an 21 Meán Fómhair rinne an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an t-ordú inar leagadh síos lá na vótála ar an 26 Deireadh Fómhair. Mar sin féin, d'fhonn a chinntiú go raibh an treoir faisnéise i gcló in am le scaipeadh ar gach líon tí roimh lá na vótála, b'éigean tosú ar an bpriontáil ar an 14 Meán Fómhair. Ghlac an Coimisiún an cinneadh stuama tús a chur leis an rith cló ar an 14 Meán Fómhair, cé go raibh seans ann go n-athrófaí an dáta nó an togra sula rithfeadh an tOireachtas an bille, rud a d'fhágfadh nach mbeifí in ann an treoir faisnéise a úsáid in aon chor.

Tá an Coimisiún den tuairim gur cheart dóthain fógra a thabhairt roimh ré do Choimisiúin amach anseo maidir le líon agus ábhar na reifreann a bheidh le cur faoi bhráid na ndaoine mar aon le dáta na vótála. Chinnteodh sé seo go mbeadh dóthain ama ag Coimisiúin chun a gcuid oibre a dhéanamh i gceart, agus dóthain ama aige go háirithe chun treoir faisnéise a ullmhú agus a scaipeadh ar an bpobal.

**Fíor 1.** Amlíne



## An líon daoine a vótáil

Ag 43.8%, bhí an líon daoine a vótáil i bhfad ní ba ísle ná mar a tháinig amach le haghaidh an reifrinn (ar foirceannadh toirchis a rialáil) a bhí ar siúl níos túisce in 2018, ag ar chaith 64.1% den phobal vóta – an líon ab airde ó bunaíodh an chéad Choimisiún Reifrinn reachtúil in 1998.


Tá daoine a spreagadh le vótáil ar cheann d’fheidhmeanna lárnacha an Choimisiúin Reifrinn. In aon fheachtas reifrinn, bíonn feachtas eolais an Choimisiúin ar cheann de lear mór tosca a chuireann le líon na ndaoine a chaitheann vóta. Gnéithe tábhachtacha eile is ea leibhéal na feasachta poiblí ar an togra reifrinn, na cineálacha feachtas ar son agus in aghaidh an togra, an méid díospóireachta i measc an phobail ar na saincheisteanna agus na pobalbhreitheanna eile a bhíonn ar siúl ar an lá céanna. Léirigh an líon beag vótálaithe ar an lá an leibhéal íseal díospóireachta a bhí i measc an phobail maidir leis an reifreann ar dhiamhasla ach ar ndóigh bhí cúiseanna eile leis freisin. Ar ndóigh ní bheadh leath an oiread daoine amuigh ag caitheamh vóta murach go raibh toghchán na hUachtaránachta ar siúl ar an lá céanna.

Cé go n-aithníonn an Coimisiún gurb é an toghchán Uachtaránachta is mó a thug daoine amach chun vóta a chaitheamh, is fiú a rá gur léiríodh i bpobalbhreith díreach tar éis na vótála, a choimisiúnaigh RTÉ, leibhéal ard feasachta faoin reifreann maidir leis an diamhasla. Sa phobalbhreith sin díreach tar éis na vótála, fiafraíodh de dhaoine an raibh a fhios acu sula ndeachaigh siad ag vótáil go mbeidís ag vótáil freisin ar chion an diamhasla a bhaint as an mbunreacht agus dúirt 98% go raibh a fhios acu é sin, gan ach 2% ag rá nach raibh a fhios acu é sin. Thuairiscigh beagnach seachtar as deichniúr (69%) gur thuig siad na saincheisteanna a bhain leis an reifreann ar dhiamhasla. Toisc gur beag díospóireachta a bhí i measc an phobail maidir leis an ábhar, tá an Coimisiún an-sásta le torthaí an taighde sin.


**Fíor 2.** Feasacht maidir leis an reifreann ar dhiamhasla

Foinse: Pobalbhreith RTÉ Red C tar éis na vótála

REDC RTÉ




**Fíor 3.** An líon daoine a vótáil i reifrinn ó 1998




Léirítear reifrinn a reáchtáladh ar an lá céanna le vótaí eile cosúil le toghcháin áitiúla, Eorpacha agus Uachtaránachta.

# Feachtas eolais an Choimisiúin

Dearadh feachtas eolais an Choimisiúin chun a fheidhmeanna arna leagan amach sa dlí a chomhlíonadh: Togra an reifrinn a mhíniú, feasacht faoin reifreann a chur chun cinn agus daoine a spreagadh chun vóta a chaitheamh.

i **Feasacht a chur chun cinn:** Is go rímhaith a thuig an Coimisiún gur bhain an reifreann an uair seo le ceist nach raibh á plé go forleathan i measc an phobail, agus nár thuig go leor de na daoine na mionsonraí a bhain leis nó níor thuig siad go deimhin go raibh fiú foráil maidir le diamhasla sa bhunreacht. Dá bhrí sin, b'éigean don Choimisiún aird faoi leith a thabhairt ar an ngá a bhí le feasacht maidir leis an reifreann a spreagadh, an méid a bhí le rá sa Bhunreacht maidir le diamhasla, agus an sainmhíniú a thugtar ar dhiamhasla sa dlí.

Díríodh formhór na fógraíochta a chruthaigh an Coimisiún dá bharr sin ar aird na vótálaithe a tharraingt ar an reifreann a bhí le bheith ann, gur bhain sé le diamhasla, agus go mbeadh sé ar siúl ar an lá céanna le toghchán na huachtaránachta. D'fhág obair an Choimisiúin ag spreagadh daoine chun vóta a chaitheamh, agus ag míniú togra an reifrinn, gur ardaíodh tuilleadh feasachta maidir leis.

ii **Vótáil a spreagadh:** Reáchtáil an Coimisiún feachtas fógraíochta ag spreagadh daoine chun an clár vótála a sheiceáil agus, dá mba ghá, clárú le vótáil roimh an spriocdháta. Leis sin scaip sé preasráitis ar nuachtáin náisiúnta agus réigiúnacha, craoladh agallaimh a thug cathaoirleach an Choimisiúin, ritheadh feachtas fógraíochta ar líne agus ar an raidió agus bhí neart ar siúl sna meáin shóisialta. Spreagadh vótálaithe san fheachtas cuairt a thabhairt ar an suíomh gréasáin ***checktheregister.ie***, le seiceáil cibé an raibh siad cláraithe nó nach raibh agus, dá mba ghá ansin, na foirmeacha a theastaigh a íoslódáil, chun clárú nó chun a gcuid sonraí a leasú.

iii **An togra a mhíniú:** Éilítear sa dlí ar an gCoimisiún cuntas neamhspleách agus neamhchlaonta a fhoilsiú ar thogra an reifrinn, agus rinne sé amhlaidh i dtreoir a scaipeadh ar 2.2 milliún áit chónaithe, agus ar a shuíomh gréasáin. Áiríodh ann míniúchán ar an seasamh dlí mar a bhí roimh an reifreann, an méid a bhí sa dlí maidir le diamhasla i láthair na huaire, cuntas ar an athrú beartaithe ar an mbunreacht, an tionchar a bheadh ag vóta Tá agus an tionchar a bheadh ag vóta Níl.

Foilsíodh an t-ábhar sin i dtreoir a dáileadh ar gach áit chónaithe sa Stát. Foilsíodh an treoir ar an suíomh gréasáin ***refcom.ie*** freisin, mar aon le heolas cúlra eile ar an reachtaíocht ábhartha, ar bhreithiúnais chúirte roimhe seo, agus eolas praiticiúil ar vótáil. Rinne an Cathaoirleach agus ionadaithe an Choimisiúin roinnt agallamh ar an raidió go náisiúnta agus go háitiúil chun feasacht a ardú maidir leis an reifreann, ag míniú an togra agus ag áitiú ar dhaoine vóta a chaitheamh. Rith an Coimisiún feachtas mór fógraíochta agus sna meáin shóisialta freisin.

# Gnéithe den fheachtas

Ba iad na príomhghnéithe cumarsáide a d'úsáid an Coimisiún chun na trí chuspóir a chomhlíonadh:

1. **Suíomh gréasáin:** An suíomh gréasáin, ***refcom.ie***, inar úsáideadh ábhar scríofa agus físe chun an togra a mhíniú, chun vótáil a spreagadh agus chun ábhar cuí breise a thabhairt chun cabhrú le vótálaithe an cúlra agus an comhthéacs a thuiscint.

2. **Treoir:** Treoir maidir leis an reifreann a dáileadh ar 2.2 milliún áit chónaithe inar míníodh an staid mar a bhí faoi láthair, an t-athrú beartaithe, agus an tionchar a bheadh ag vóta Tá agus Níl.

3. **Na meáin shóisialta:** Láithreacht ar na meáin shóisialta ar Twitter, Facebook agus Instagram inar tugadh nuacht agus eolas faoin bhfeachtas, agus inar spreagadh daoine chun an clár a sheiceáil agus vóta a chaitheamh.

4. **Ábhar inrochtana:** Leaganacha den treoir reifrinn a cuireadh ar fáil i mbraille, físeán le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, leaganacha fuaime, i bhformáid mhórchló agus formáid éasca le léamh do dhaoine faoi mhíchumas intleachta.

5. **Fógraíocht:** Feachtas fógraíochta náisiúnta ar an teilifís, ar an raidió, ar líne, sa phreas agus suíomhanna póstaeir allamuigh chun feasacht a ardú ar na reifrinn, chun clárú toghthóirí agus vótáil a spreagadh agus chun toghthóirí a chur i dtreo an tsuímh gréasáin ***refcom.ie***, áit a raibh tuilleadh eolais ar fáil.

6. **Saorchraoladh:** Saorchraoltaí faoin reifreann a chuir an Coimisiún le chéile agus a chraol craoltóirí náisiúnta agus réigiúnacha de réir mar a éilíonn an dlí.

7. **Na Meáin:** Togra an reifrinn a mhíniú ar an raidió náisiúnta agus réigiúnach mar aon le foinsí nuachta ar líne. Thug an Cathaoirleach, thar ceann an Choimisiúin, dhá agallamh ar an gclár Morning Ireland ar RTÉ. Rinneadh agallaimh chomh maith ar stáisiúin raidió áitiúla maidir le hábhar na dtograí reifrinn.

8. **Teagmháil dhíreach:** Deis a thabhairt don phobal ceisteanna ar leith a chur trí ríomhphost, tríd an bpost nó trí líne ghutháin íosghlao.

# Acmhainní

## Maoiniú an Choimisiúin Reifrinn

Leithdháil an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais buiséad €3 mhilliún ar an gCoimisiún.

Ar feadh an fheachtais eolais ar fad, thuig an Coimisiún Reifrinn go rímhaith go gcaithfeadh sé luach ar airgead a fháil agus a chinntiú go mbeadh an feachtas chomh héifeachtach agus ab fhéidir. Tá an Coimisiún sásta gur baineadh an dá chuspóir sin amach.

Bhí an caiteachas foriomlán beagán os cionn €2 mhilliún, agus tá miondealú ar an gcaiteachas fíor-réasúnta sin i bhFíor 4. Tá iarmhéid díreach faoi bhun €905,000 á tabhairt ar ais don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Anuas air sin, tá an Coimisiún i dteideal ardlacáistí áirithe meán a cheannach ag eascairt as feachtas eolais an reifrinn. Níor deimhníodh luach na lacáistí go fóill ach meastar gurb ionann agus €16,800 iad. Nuair a fhaightear iad, tabharfar fáltais na lacáistí don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

**Fíor 4.** Caiteachas ar fheachtas eolais an reifrinn

| | € |
|---|---|
| **Táillí bainistithe an fheachtais** | **304,498** |
| **Taighde ar ábhar** | **61,255** |
| **Táirgeadh agus dáileadh na Treorach** | **475,113** |
| **Teilifís / closamhairc** | **471,437** |
| **Raidió** | **153,480** |
| **Fógraíocht faoin spéir** | **182,564** |
| **Na meáin chlóite** | **74,492** |
| **Na meáin ar líne** | **350,990** |
| **Riarachán agus costais eile** | **21,461** |
| **Caiteachas iomlán** | **2,095,290** |

## Soláthar

Rinne Oifig an Ombudsman conarthaí íostarraingthe leis na soláthraithe seirbhíse seo a leanas i rith 2018:

- **Murray Consultants** (caidreamh poiblí/seirbhísí cumarsáide);
- **BBDO** (cruthaitheach agus digiteach);
- **Mindshare** (pleanáil meáin/ceannach);
- **Colorman** (dearadh, priontáil agus dáileadh leabhráin); agus
- **Empirica Ltd.** (comhairle agus cúnamh a chur ar fáil le haghaidh forbairt sonraíochta chun seirbhísí a chur ar fáil don Choimisiún Reifrinn).

Chuir **Philip Lee Solicitors**, comhairleoirí dlí Oifig an Ombudsman seirbhísí dlí, lena n-áirítear Abhcóide a fhostú, ar fáil don Choimisiún.

Chuir **Dept** dearadh gréasáin (agus seirbhísí bainistíochta ábhar) ar fáil do shuíomh gréasáin an Choimisiúin Reifrinn.

# Buíochas

Ba mhaith leis an gCoimisiún aitheantas a thabhairt don fhoireann soláthraithe seirbhíse as a gcomhairle, cúnamh agus tacaíocht ag cuidiú leis an gCoimisiún a shainchúram a bhaint amach trína fheachtas eolais don phobal. D'éirigh leo le chéile feachtas mór eolais a cheapadh agus a chur i bhfeidhm don phobal, in ainneoin nach raibh acu ach fíorbheagán ama chun é sin a dhéanamh.

Tugann an Coimisiún aitheantas freisin don chomhoibriú a thug na hasraonta craolacháin dó maidir le craolacháin Saorchraolta a sholáthar, agus as am i gcomhair agallamh a thabhairt don Choimisiún chur cur ar a chumas an togra a mhíniú.

Mar chomhairleoir margaíochta/cumarsáide don Choimisiún, bhí ról lárnach ag Murray lena chinntiú gur cuireadh snáithe éagsúla an fheachtais i gcrích in am agus ar bhealach comhordaithe.

Rinne an ghníomhaireacht fógraíochta cruthaithí BBDO, an ghníomhaireacht ceannaigh meán Mindshare, na dearthóirí suíomh gréasáin Dept, agus na táirgeoirí leabhrán Colorman obair den chéad scoth faoi bhrú ama mór.

Tá an Coimisiún buíoch chomh maith dá chomhairleoir dlí, Philip Lee, aturnaetha, an tAbhcóide Sinsearach Eoin McCullough agus Catherine Donnelly BL agus Francis Kieran BL.

Tá an Coimisiún fíorbhuíoch go háirithe dá rúnaíocht, arna chur ar fáil ag Oifig an Ombudsman, as a chúnamh leis an bhfeachtas eolais don phobal a bhainistiú. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an bhfoireann Rebecca Coyle, Alan Perkins agus Fergus Keegan, agus go háirithe le Sean Garvey, a d'fheidhmigh mar Rúnaí an Choimisiúin. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le Jacqui McCrum, Ard-Stiúrthóir Oifig an Ombudsman (ag an am), as foireann agus áiseanna riachtanacha eile a chur ar fáil dúinn, agus le Liam Duffy, Ceannaire TFC, agus a fhoireann as a gcuid oibre ar an suíomh gréasáin.

# Conclúidí agus moltaí

## An líon daoine a vótáil

Bíonn roinnt cúinsí is siocair le líon na ndaoine a vótálann, go mór mór cur is cúiteamh agus díospóireacht ar an ábhar roimh an reifreann. Mar sin féin, toisc gur beag díospóireacht a rinneadh maidir leis an gceist seo, ba é an rud ba mhó a chuir le líon na ndaoine a chaith vóta ná go raibh sé ar siúl ar an lá céanna le toghchán na hUachtaránachta. Tá an Coimisiún den tuairim gur chóir reifrinn sa todhchaí nach meastar go mbeidh go leor díospóireachta ar siúl fúthu i measc an phobail a chur faoi bhráid na ndaoine ag an am céanna le toghchán, nó ag an am céanna a gcuirtear ábhar eile faoi bhráid na ndaoine, le cinntiú go dtiocfaidh lear mór daoine amach ag vótáil.

## Fócasghrúpaí

Molann an Coimisiún seo an rud céanna a mhol an Coimisiún roimhe seo, maidir leis an tairbhe a bhaineann le taighde fócasghrúpaí. Chuidigh taighde fócasghrúpa maidir le forbairt na n-ábhar mínithe ar tugadh faoi sa treoir neamhspleách leis an reifreann maidir leis an diamhasla go mór chun a chinntiú go raibh sé soiléir agus intuigthe, agus mholfadh an Coimisiún reatha go mbeadh dóthain ama ag Coimisiúin sa todhchaí chun taighde den sórt sin a chur i gcrích.

## Am

Tharraing cuid mhaith Coimisiúin Reifrinn roimhe seo aird ar an ngá atá le tuilleadh ama a bheith acu chun feachtas eolais a réiteach. Aontaíonn an Coimisiún reatha leis an seasamh sin agus tá sé den tuairim gur chóir aitheantas dlíthiúil leanúnach a thabhairt don Choimisiún Reifrinn trí Choimisiún Toghchánaíochta buan a bhunú. Bheadh ról leanúnach ag Coimisiún Toghchánaíochta, go háirithe maidir le clárú vótálaithe.

An Coimisiún Reifrinn
Referendum Commission